FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

GEARRSCÉAL
le Déirdre Ní Grianna

Clog, leabhar agus coinneal

CUID IV
(Léigh an chuid eile ar www.nuacht.com)

Suaimhníodh a shamhlaíocht nuair a d'fhill an dlíodóir agus a dhá lámh lán le bosca earraí. Bhreathnaigh Pádraig air mar a bheadh sé ag cuardach comhartha ar intinn Jason sular labhair sé;

"Rachaidh mise agus Sinéad chun bóthair anois. Tá seomraí curtha in áirithe agam in óstán. Beimid ar ais arís ar maidin agus beidh seans agus suaimhneas agat staidéar a dhéanamh ar an litir. An mbeidh tú maith go leor? Tá a fhios agat an dóigh le rudaí a chur sa tsiúl anseo?"

Chroith Jason a chloigeann ar nós ardaitheora mar fhreagra, agus i ndiaidh a bheannacht a fhágáil ag Jason, d'imigh an dlíodóir amach an doras.

Ní mó ná go raibh an doras druidte gur luigh Jason isteach i léamh na litreach don dara hiarraidh.

"Ar an drochuair domsa," a scríobh sí, "Fuair mé barraíocht aithne ar an bhaile bhéalchráifeach bheagchroíoch bheaguchtúil.

"San am sin, ba bhaile beag é, cha raibh an tógáil chéanna ag dul ar aghaidh sa tír san am agus a tháinig leis an tíogar tromchonách mar dhea agus bhí aithne ag achan duine ar achan duine eile sa pharóiste agus níos faide amach.

"I measc na n-othar a bhí agam, bhí teaghlach mór le rá, teaghlach a bhí ina suí go te agus a raibh rathúnas acu nach raibh ag aon teaghlach eile taobh leo agus an baile uilig faoi chois acu mar gheall ar a gcuid saibhris.

"Bhí fear agus bean agus seachtar duine clainne, ceithre bhuachaill agus trí chailín agus síleadh gur plúr an phobail iad agus beagnach nach raibh an eaglais féin ina lútálaí acu lena pócaí a líonadh.

"Deirtear nach mbítear mar a shíltear agus creid mise nuair a deirim go bhfuil an fhírinne iomlán sa seanfhocal, nó ní raibh mé ach trí mhí ag obair ann go bhfuair mé amach go raibh an teaghlach seo ina mhalairt den Chlann Naofa."

D'éirigh Jason agus ďéalaigh sé ó ráiteas an bháis, agus leasc air tuilleadh a léamh agus barúil mhaith aige ar na sonraí a bhí ag teacht agus an dubheagla air go mbeadh aithne nó dáimh aige leis an teaghlach nó bhí daoine muintire dó féin fós beo i Mullach na mBroc.

Chuaigh sé amach agus sheas sé ar an tairseach, gloine i lámh amháin aige agus an buidéal sa cheann eile, gualainn ar ursain agus a dhá shúil báite i bhfolamh i bhfairsinge na smaointe.

Ba mhaith a bhí fhios aige gur tharla sé seo uilig roimh a amsa agus nach raibh baint ná fiú cuimhne ar rud ar bith den chineál nó fiú barúil aige cén teaghlach a bhí ann ach bhí samhnas air.

Agus ba mhór ba mhaith leis gan truc ar bith a bheith aige leis an uafás seo uilig.

Bhí a sháith eolais aige idir léamh agus chluinstin ó iriseoirí eile ar an iliomad cásanna a tháinig chun tosaigh le fiche bliain anuas agus ní raibh riamh an goile aige dá mhacasamhail. B'fhearr i bhfad sonraí den chineál sin a sheachaint.

Sheas sé leis go dtí go raibh dhá dtrian den bhuidéal agus de sholas an lae caite agus dhá dtrian dá stuaim céasta. Ba rí-chuma leis an teach ann nó as mar luach a chuid saothair.

B'fhuath dó go mbeadh sé ar maos i miodamas míofar an chine dhaonna. Chóir a bheith gur éalaigh sé óna charn aoiligh phearsanta agus deireadh a fhágáil ina dhiaidh, agus gan an litir ach leath léite.

Ach ar chúis éigin, tháinig íomhá a iníne agus a mhná isteach ina chloigeann agus le beaguchtach, thug sé aghaidh arís ar a ualach.

Ag teacht isteach chun tí dó, ba léir dó arís eile go raibh an clapsholas ann go dearfa agus chuaigh sé le hábhar cumhachta agus teasa a chur sa tsiúl, agus leis an ghineadóir ar obair agus tine lasta, chuaigh sé sa tóir ar chothaitheacht i measc na n-earraí.

Thug sé leis arán, muiceoil agus cáis agus caife agus chuaigh sé chun comhraic leis an litir arís eile.

"Ní raibh mé ach trí mhí san áit nuair a thit an Dochtúir Ó Bradaigh, an fear a d'fhostaigh mé agus a bhí ann le tríocha bliain romham, marbh go tobann, agus gan aon duine eile ach mise le freastal ar na hothair uilig a bhí againn.

"Bhí cúis agam le scrúdú sláinte a dhéanamh ar an iníon is sine ar an scoil nuair a thit sí i laige agus ní mó ná gur thit mé féin marbh nuair a chonacthas dom go raibh bolgach fhrancach uirthi. Cailín deich mbliana d'aois agus í truaillithe.

"Chuir mé fá choinne na máthar agus os a comhair agus i gcuideachta an phríomh-mháistir, thug mé m'fháthmheas. Dhiúltaigh an mháthair a admháil go raibh drochíde ag dul ar aghaidh agus ní raibh de chnámh droma ag an phríomh-mháistir ach mise a chur chun siúil cé gur léir don dall go raibh a fhios aige go raibh bun na fírinne agam.

"I ndiaidh dom cáipéisí an teaghlaigh a scrúdú, d'fhoghlaim mé go raibh an bholgach mar oidhreacht mná sa teaghlach sin, an mháthair san áireamh agus bhí duine acu curtha ar shiúil trí bliana roimhe sin go plochóg na bpeacaí ag na Siúracha *(gan, measaim)* Trócaire i mBaile Átha Cliath gan í ach 13 d'aois.

"D'fhoghlaim mé fosta go raibh cailín cúig bliana d'aois sa scoil, agus chuaigh mé ar ais arís an lá arna mhárach agus in ainneoin comhairle (!) an phríomh-mháistir, rinne mé scrúdú uirthi agus cé go raibh sí fós slán ón ghalar, ní rabhthas slán óna nósanna agus ní ligfeadh mo choinsias dom neamhaird a thabhairt uirthi agus ar an rud a raibh mé cinnte de a bhí i ndán di.

"Chuaigh mé agus labhair mé le sagart óg a bhí sa pharóiste agus a shíl mé a bheith macánta agus d'inis mé dó cad é a bhí ag titim amach agus bhí sé féin chomh scanraithe agus a bhí mise gur dhúirt sé go labharfadh sé le sagart na paróiste faoin dá chailín agus faoi mhí-iompar na dtuismitheoirí cé nach dtiocfadh liom a chruthú gurbh é an t-athair a bhí ag baint de na páistí.

"Agus labhair sé le sagart agus ba é sin an rud a chuir an lasóg sa bharrach nó an chéad rud an mhaidin ina dhiaidh sula raibh mo bhricfeasta ite agam, bhí toscaireacht throdach ar mo thairseach.

"Agus ar thús cadhnaíochta le cogadh a chur orm, bhí sagart na paróiste, agus é ag búirthigh agus ag bagairt go ruaigfeadh sé mé as an bhaile agus as an eaglais mura raibh mé sásta a rá go raibh mé contráilte agus mo leithscéal a ghabháil leis na tuismitheoirí maithe seo a bhí dílis don eaglais."

Rinne Jason iarracht Bríd a fheiceáil mar bhean óg ag geillstin d'údarás na hEaglaise i bhfoirm Shagart na Paróiste, agus ón bheagaithne a bhí aige ar an tseanbhean, ní thiocfadh an íomhá chun tosaigh.

D'amharc sé thart air féin agus d'aithin sé go raibh dubh na hoíche thart air agus in ainneoin go raibh fonn codlata air, b'éigean dó leanstan ar aghaidh ar eagla go dtiocfadh a fhaitíos faoin scéal seo chun tosaigh arís eile.

"Dhruid mé an doras sin go deo agus chuir mé glas mór air. Ansin bhí a fhios agam nár bheo dom mo bheo san áit sin agus go mbeadh orm imeacht ar fad.

"Ach má bhí mé cinnte faoi sin, bhí a fhios agam nach mbeinn ar an aon duine leis an bhaile sin a fhágáil agus thosaigh mé ag leagan síos pleananna agus socruithe le go mbeinn in ann éalú.

"Dhá lá ina dhiaidh sin, nuair a bhí a fhios agam go mbeadh mórchuid na mbithiúnach uilig in áit amháin, thug mé liom mo charr agus mo chuid airnéise agus thiomáin mé a fhad le teach an phobail.

"Isteach liom agus chuaigh mé go dtí ceann na heaglaise áit a raibh suíochán teampaill an teaghlaigh agus iad uilig in áit na n-uaisle agus thóg mé an cailín.

"Níor chualathas focal ná fuaim ó dhuine acu ach bhí confa an mhaistín coillte ar aghaidh an athara agus ba chosúil go raibh an mháthair ina sámh codlata nó bhí amharc marbh ar a gnúis.

"Ní raibh amhras ar bith orm go mbeadh an diabhal is a mháthair le díol as an ghníomh ach mar a deirtear ó loisc mé an choinneal . . .

"Chuaigh ar aghaidh go bun na haltóra agus an cailín liom agus chuir mé an mála a bhí liom bunoscionn, ag tabhairt na ngleasraí riachtanacha don fhairsíneach fealltach, agus i m'intinn bhí gach bualadh an chloig agus an leabhair agus na coinnle ar an mharmar mharbhánta mar a bheadh tairne i gcónra na dtrí nathrach ann.

"Bhain muid na bonnaí as ballóg na mbéalchráifeach agus níor bhain muid den tsiúl go dtí go raibh Latharna agus bád na hAlban bainte amach againn."

"Ho-ly f..." a tháinig chun béil sular chuir Jason deireadh lena smaoineamh guthach ag cloí le riail a mhná gan úsáid a bhaint as na mionnaí mar gheall ar an luchóg bheag le cluasa móra mar ab í a iníon.

Bhí mearbhlán na mire in intinn Jason idir íomhánna an éachta agus a gcuid smaointe féin gan trácht ar an mheas mhór a mhothaigh sé don dochtúir díograiseach.

D'inis spléachadh ar a uaireadóir dó go raibh deireadh na hoíche ann agus an tuirse a bhí ag teannadh leis, tráite go huile agus go hiomlán. Ba mhaith an rud é nó ní thiocfadh codladh choíche chuig an chloigeann a bhí ag taomadh le ceisteanna tochasacha agus ní raibh fágtha de litir ó bhéal an bháis ach leathanach amháin.

"D'fhág mé an cailín, (casadh ort inniu í Jason) faoi chúram carad, síceolaí, a bhí ar an ollscoil liom, a bhí neamhthorthúil.

"Tugadh sloinneadh úr uirthi (cé go bhfuil a fhios go ró-mhaith aici cé leis í) agus idir í féin agus a fear agus mé féin, ní raibh a dhath in easpa uirthi agus go dtí an lá inniu ní raibh an fhírinne ach ag cúigear agus Pádraig san áireamh.

"Rinne mé an rud a bhí orm, de réir mo choinsiasa, a dhéanamh. Bhíothas ábalta, dá mbeadh acmhainn agat, a leithéid a dhéanamh sa tír seo.

"Níl mé buartha faoi chuid ar bith den ghníomh ach nach dtiocfadh an iníon eile liom nuair a d'iarr mé uirthi, agus ní raibh mé ábalta, in ainneoin mo dhíchill a dhéanamh, idir airgead agus bhagairt, an cailín eile a fháil ar shiúl óna siúracha. B'iomaí oíche gan néal a dhíol mé ar son na dteipeanna sin.

"Tháinig mé go hArd Airmide i ndiaidh do Phádraig an margadh a dhéanamh dom agus thóg mé agus chaith mé blianta fada anseo liom féin.

"Anois beidh breithiúnas Dé déanta orm cheana féin agus ar shagart na paróiste nach maireann agus tú á léamh seo.

"Impím ort seo a scríobh, dá ndéanfainn féin iarracht, bhí baol ann go gcuirfí faoi ghlas mé agus go rachadh siad sa tóir ar Shinéad.

"Tá cáipéisí sláinte an teaghlaigh uilig ag Pádraig ina oifig ar an Trá Bhán, chomh maith le ráiteas ón chailín a rinneadh san am in Albain agus tá ainmneacha na sagart agus siúracha uile aige agus ráiteas a rinne mé ar an Trá Bhán i 1969 go fóill ann.

"Ar eagla go bhfuil tú ag déanamh nárbh fhiú an scéal seo a scríobh gabh chuig bun an chófra os comhair an tábla agus tá bosca gearrthóg ann. Léigh iad agus ansin déan do bhreithiúnas féin.

Slán agus beannacht,

Bríd."

Bhí greimeanna mhéara na gréine ag streachailt le Sliabh Sneachta a shárú ar a bealach le dul in airde fá choinne lae eile, nuair a sheas Jason i mbéal an dorais agus a anáil faighte aige.

Chóir a bheith go raibh a anáil i mbarr a ghoib nuair a ďoscail sé an bosca agus nuair a chonaic sé na pictiúir idir shean agus nua den Teachta Dála mór le rá.

Duine de ghnáthdhaoine na coitiantachta, fear fiúntach i bpobal ab í an íomhá a bhí curtha chun tosaigh ag an pholaiteoir le linn sholas Jason.

Fear a bhí ar dhuine de na daoine ab fhadbhuaine i nDáil Éireann agus a bhí ainmnithe in am amháin mar iarrthóir don Uachtaránacht.

Chaoin Íosa a dúirt intinn Jason leis féin.

Ag amharc amach roimhe, chonaic sé go raibh solas lag an lae anois ag loinnreadh ar bharr an tsleibhe. Ba bhréag a bhí in ainm an tsleibhe nó ní sneachta a bhí ann ar chor ar bith, ach amháin sa gheimhreadh.

Ní raibh ann ach go bhfacthas íomhá sneachta air de réir mar a thit an solas. Ach nuair a bhíothas cóngarach don bharr, fuarthas bun na fírinne.

Bhí Jason báite anois in aer fionnuar na maidine ach mhothaigh sé go raibh a fheisteas salach bréan, bealaithe, bratógach.

Thuig sé go rachadh sé isteach faoi chith roimh i bhfad agus go dtitfeadh an tuile ghlan the thart ar achan bhall dá chruth ach b'uisce é a scuabfadh ar shiúl allas ainmhíoch na hoíche go dtí nach mbeadh fágtha ar an chorp sa deireadh, ach mion iarsma bholadh an duine.

A CHRÍOCH SEO